2025/2145

22.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2145 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme agus lena in aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ón gCoimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme [1], agus go háirithe Airteagal 5(1), an tríú fomhír, Airteagal 5a(2), Airteagal 8(4) agus Airteagal 19(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 [2] ón gCoimisiún leagtar síos tairseacha na méide eacnamaíche in aghaidh an Bhallstáit in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, an líon gabháltas tuairisceáin in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh an rannáin Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF) in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, foirm agus leagan amach chur i láthair na sonraí inbhuanaitheachta in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis agus an méid is iníoctha leis na Ballstáit le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2025, 2026 agus 2027 in Iarscríbhinn X a ghabhann leis.

(2) D'iarr an Bhulgáir go n-athrófaí tairseach na méide eacnamaíche agus líon na ngabháltas tuairisceáin mar gheall ar athruithe struchtúracha ar a talmhaíocht, athruithe atá ina gcúis le laghdú foriomlán ar líon na ngabháltas, go háirithe na gabháltais is lú. Tríd an tairseach méide eacnamaíche athbhreithnithe a chur chun feidhme, tríd an líon gabháltas tuairisceáin a choigeartú, agus trí na ranníocaíochtaí airgeadais a oiriúnú dá réir ón mbliain tuairiscithe 2026 ar aghaidh, thabharfaí dóthain ama don Bhulgáir chun na hathruithe is gá a chur chun feidhme.

(3) I gcásanna áirithe, is féidir le hús arna thuilleamh ar shócmhainní leachtacha a bhfuil gá leo chun gabháltas talmhaíochta a oibriú a bheith ina chuid shubstaintiúil d'ioncam an ghabháltais. Tuairiscítear an t-ús sin faoi láthair i dTábla L in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746, faoi 'GSE eile a bhaineann go díreach leis an bhfeirm'. Chun sainaithint an mhéid sin a éascú, chun ríomh an ioncaim feirme a bheachtú trí úsáid a bhaint as sonraí LSIF, agus chun inchomparáideacht le Cuntais Eacnamaíocha na Talmhaíochta a fheabhsú, is gá an t-ús sin a thuairisciú ar leithligh i dTábla I in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, faoi 'táirgí agus fáltais eile'.

(4) Leagtar amach i dTábla J in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 an struchtúr chun an cineál tithíochta le haghaidh ainmhithe ar ghabháltais talmhaíochta tuairisceáin a thuairisciú. Chun comhsheasmhacht agus cruinneas sonraí a áirithiú, ba cheart na cóid le haghaidh cineálacha tithíochta a chomhchuibhiú chun go sannfar cóid chomhionanna do chineálacha comhionanna tithíochta, rud a éascóidh anailís sonraí a bheidh inchomparáide agus iontaofa.

(5) Leagtar amach i dTábla ST in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 an struchtúr chun faisnéis a thuairisciú maidir le tástálacha ithreach a dhéantar ar ghabháltais talmhaíochta tuairisceáin. Chun soiléireacht a sholáthar maidir le tuairisciú na huigeachta ithreach, ba cheart Tábla ST a leasú dá réir.

(6) Leagtar amach i dTábla I1 in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 an struchtúr chun faisnéis a thuairisciú maidir leis an úsáid a bhaineann gabháltais tuairisceáin as táirgí cosanta plandaí, agus áirítear leis sin roghanna maidir le tuairisciú ar leibhéal na feirme nó ar leibhéal na mbarr. Ba cheart Tábla I1 a leasú dá réir chun na ceanglais tuairiscithe maidir le gach ceann de na leibhéil sin a chur in iúl.

[1] IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ón gCoimisiún (IO L, 2024/2746, 30.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2746/oj).

(7) Leagtar amach i dTábla J1 in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 an struchtúr chun faisnéis a thuairisciú maidir leis an úsáid a bhaineann gabháltais tuairisceáin as ábhair fhrithmhiocróbacha. Ba cheart Tábla J1 a leasú dá réir chun tuairisciú faisnéise a éascú agus chun soiléireacht a sholáthar maidir leis na ceanglais tuairiscithe.

(8) Le hAirteagal 12(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746, ceadaítear don Choimisiún Ballstáit a dhíolmhú ó shonraí a thíolacadh maidir le hathróga sonracha a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2026 agus 2027, ar choinníoll go ndéanfaidh an Ballstát iarraidh a mbeidh údar maith léi a thíolacadh. Tar éis don Ghearmáin agus don Fhrainc iarrataí breise a raibh údar maith leo a chur isteach roimh an 31 Bealtaine 2025, is gá Iarscríbhinní IX agus X a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú dá réir.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, VIII, IX agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, VIII, IX agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBulgáir:

‘an Bhulgáir	8 000’

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBulgáir:

‘**AN BHULGÁIR**

831	Северозападен (an tIarthuaisceart)	338
832	Северен централен (an Lárthuaisceart)	305
833	Североизточен (an tOirthuaisceart)	351
834	Югозападен (an tIardheisceart)	231
835	Южен централен (an Lárdheisceart)	409
836	Югоизточен (an tOirdheisceart)	368
Iomlán don Bhulgáir		2002’

(3) leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) faoi ‘A.OT.232.C *An líon ball d’Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)*’ i dTábla A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

‘Tá an Ghearmáin díolmhaithe ó shonraí a thíolacadh a bhaineann le hathróga A.OT.230.C, A.OT.231.C agus A.OT.232.C le haghaidh na bliana tuairiscithe 2026.’;

(b) sna catagóirí barr i dTábla I, faoi ‘**Táirgí agus fáltais eile**’, faoi bhun iontráil ‘90330 – Seachtháirgí eile’, cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach:

‘90400	Ús faighte ar shócmhainní leachtacha a bhfuil gá leo chun an gabháltas a rith’

(c) faoin ngrúpa faisnéise *J.TH Cineál tithíochta* i dTábla J, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

‘Cineál na gcód tithíochta		
Cód	Cineál ainmhí	Cineál tithíochta
10	Ainmhithe den speiceas buaibheach (catagóirí 210 go 269)	Stallaí stáinsí (sciodar)
20		Stallaí stáinsí (aoileach soladach)
30		Tithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)
40		Tithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar soladach)
50		Amuigh faoin aer i gcónaí
60		Cineál eile tithíochta (sciodar)
70		Cineál eile tithíochta (aoileach soladach)
80	Caoirigh agus gabhair (catagóirí 311 go 329)	Domhaineasair
90		Urlár lataí
100		Urlár soladach
50		Amuigh faoin aer i gcónaí

'Cineál na gcód tithíochta		
Cód	Cineál ainmhí	Cineál tithíochta
120	Muca (catagóirí 410 go 499)	Urlár atá lataí go hiomlán
130		Urlár atá lataí go páirteach
140		Urlár soladach (aoileach soladach)
80		Domhaineasair atá sa dromchla iomlán
50		Amuigh faoin aer (saor-raon)
60		Cineál eile tithíochta (sciodar)
70		Cineál eile tithíochta (aoileach soladach)
80	Éanlaith chlóis (catagóirí 510 go 530)	Domhaineasair
200		Éanlann
210		Cásanna ag a bhfuil crios aoiligh
220		Cásanna ag a bhfuil clais dhomhain
230		Cásanna ag a bhfuil teach ar chosa taca
50		Amuigh faoin aer (saor-raon)
250		Cineál eile tithíochta'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na faisnéise i dTábla ST:

'**Tástáil ithreach**

Tá an fhaisnéis seo roghnach le haghaidh na mBallstát. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a sholáthar, féadfar torthaí tástála ithreach a thíolacadh má tá siad ar fáil agus má rinneadh iad le 5 bliana anuas. Baineann an tástáil ithreach le dáileacht talún aonair, an áit a ndearnadh an tsampláil. Má rinneadh níos mó ná tástáil amháin ar an dáileacht talún chéanna le 5 bliana anuas, tá an tástáil is déanaí le soláthar. Má tá sonraí ar fáil a bhaineann le níos mó ná dáileacht talún amháin, is féidir níos mó ná iontráil amháin a dhéanamh.

Struchtúr an tábla

	Uimhir aitheantais na dáileachta talún	Cód (*)		
	Catagóirí tástála	Cód (**)		
Grúpa faisnéise			Luach	Cód
			V	C
ST	Tástáil ithreach			

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc	V	C
100	Dlús toirte sa bharrithir (g/cm^3)		-
110	Dlús toirte san fho-ithir (g/cm^3)		-
120	Acmhainn coinneála uisce na hithreach (% de thoirt an uisce / toirt na hithreach sáithithe)		-
130	Ráta creimthe na hithreach (tona/ha/bliain)		-
140	Riospráid bunaidh na hithreach (mm^3 O_2/g/uair) in ithir thirim		-

Cód (**)	Tuairisc	V	C
150	Uigeacht na hithreach	-	
160	Aigéadacht na hithreach (pH)		-
170	Tiúchan carbóin orgánaigh san ithir (SOC) (g/kg)		-
180	Seoltacht leictreach (dS/m - deci-Siemen in aghaidh an mhéadair)		-
190	$CaCO_3$ (m/m %)		-
200	Nítrigin san ithir (mg/g)		-
210	Fosfar ineastóctha (mg/kg) (de réir ISO 11263:1994)		-
220	K_2O (mg/kg)		-
230	Cd (mg/kg)		-
240	Cu (mg/kg)		-
250	Pb (mg/kg)		-
260	Zn (mg/kg)		-

Uimhir aitheantais na dáileachta talún

Cuimseofar in uimhir aitheantais na dáileachta talún aitheantas na dáileachta talún tagartha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 (*) ón gCoimisiún agus aitheantas na dáileachta talún talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 (**) ón gCoimisiún.

Tuairisc ar na colúin

Luach (V)

Is é atá sa luach tomhas sonrach na n-airíonna éagsúla ithreach, amhail saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus bitheolaíocha. Tugtar an t-aonad tomhais le fios i gcás gach athróige agus cuirtear san áireamh leis an caighdeán iomchuí a ghabhann leis an airí sonrach sin.

Cód (C)

Tagraíonn cód d'uigeacht ithreach (catagóir 150), ar catagóir í ina ndéantar an ithir a aicmiú ar bhonn na gcionta coibhneasta de ghaineamh, ithir shiolta agus cré-ithir.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (IO L 183, 8.7.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1172/oj).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta (IO L 183, 8.7.2022, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1173/oj).';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na faisnéise i dTábla I1:

'**Úsáid táirgí cosanta plandaí**

Struchtúr an tábla

Uimhir aitheantais na dáileachta talún (roghnach)	Cód (*)
Catagóir (tá leibhéal na mbarr roghnach)	Cód (**)
Aonad	Cód (***)
Substaint ghníomhach	Cód (****)

Grúpa faisnéise		Colúin
		Cainníocht
		Q
PP	Úsáid táirgí cosanta plandaí (PPP)	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód(**)	Tuairisc	Q
10000	úsáid PPP	
10110	Cruithneacht bhog agus speilt	
…/…		
90900	Eile	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA I1

Is trí shubstaintí gníomhacha a sholáthrófar cainníocht an táirge cosanta plandaí a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana tuairiscithe.

Úsáidfear catagóir 10000 i gcásanna ina dtaifeadtar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal na feirme, gan sonraí a bheith ar fáil ar leibhéal na mbarr in aon chor. I gcás ina dtaifeadtar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal na mbarr, úsáidfear cóid 10110 go 90900, agus iad ag comhfhreagairt do na catagóirí barr a leagtar amach i dTábla I. Ní dhéanfar uimhir aitheantais na dáileachta talún a thaifeadadh ach amháin ar leibhéal na mbarr. Na sonraí a sholáthraítear ar leibhéal na mbarr, tá siad roghnach le haghaidh na mBallstát.

Is féidir níos mó ná iontráil amháin a dhéanamh.

Tá na cineálacha cód bairr le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
1	Gram
2	Millilítear
3	Eile

Uimhir aitheantais na dáileachta talún

Cuimseofar in aitheantas na dáileachta talún aitheantas na dáileachta talún tagartha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 agus aitheantas na dáileachta talún talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173. Na sonraí a sholáthraítear ar leibhéal na dáileachta talún, tá siad roghnach le haghaidh na mBallstát.

Tuairisc ar na colúin

Cainníocht (Q): Cainníocht an táirge (substaint ghníomhach) a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana tuairiscithe.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na faisnéise i dTábla J1:

'**Úsáid ábhar frithmhiocróbach**

Struchtúr an tábla

Catagóir	Cód (*)
Substaint ghníomhach	Cód (**)
Aonad	Cód (***)

Grúpa faisnéise		Colúin
		Cainníocht
		Q
AU	Úsáid ábhar frithmhiocróbach	

Tá na catagóirí seo a leanas le húsáid:

Cód (*)	Tuairisc	Q
100	Úsáid ábhar frithmhiocróbach	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA J1

Úsáid ábhar frithmhiocróbach (AU)

Ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáidtear le linn na bliana tuairiscithe sa táirgeadh beostoic chun sláinte agus táirgiúlacht a choinneáil ar bun.

Tuairisc ar na colúin

Cainníocht (Q)

Cainníocht iomlán na n-ábhar frithmhiocróbach a bhain úsáid as substaintí gníomhacha le linn na bliana tuairiscithe.

Tá na cineálacha cód bairr le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
1	Gram
2	Millilítear
3	Eile

(4) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a thíolaic (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla A - Faisnéis ghinearálta maidir leis an ngabháltas	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
A.CL.142.DT. An bhliain inar thosaigh an fheirm ag tiontú go feirmeoireacht orgánach			an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027
A.CL.145.C. An sciar de tháirgí feirmeoireachta orgánaí a dhíoltar mar tháirgí orgánacha i bhfeirmeacha deimhnithe			an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
A.OT.240.C Rannpháirtíocht i gcistí frithpháirteacha			an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027
A.OT.241.C Cúiteamh as caillteanais			an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
Tábla B - Cineál gairme	X		Neamhbhainteach
Tábla C - Lucht saothair	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
C.EX Oibrithe seachtracha			an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Laitvia, an Rómáin in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Colún G – Inscne (maidir le hoibrithe)			an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 (*)an Ghearmáin, an Laitvia, an Rómáin in 2027
Colúin AW - Pá agus costais slándála sóisialta in aghaidh na bliana / in aghaidh na huaire			an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 (*)an Fhrainc, an Laitvia, Málta, an Rómáin, an tSualainn in 2027
Colún R - Scor			an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 (*)an Fhrainc, an Laitvia, Málta, an Rómáin in 2027
Tábla D - Sócmhainní agus infheistíochtaí	X		Neamhbhainteach
Tábla E - Cuótaí agus cearta eile	X		Neamhbhainteach
Tábla F - Fiachais/creidmheasanna	X		Neamhbhainteach
Tábla G - Cáin bhreisluacha (CBL)	X		Neamhbhainteach

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a thíolaic (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla H - Ionchuir	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
5035. Ar breoslaí de thionscnamh eile iad			an Ghréig, an Chipir in 2026 Málta, an Rómáin in 2027
Tábla I - Úsáid talún agus barra	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
Colúin 'an chuid de atá go hiomlán orgánach – an chuid de atá á tiontú go horgánach'			an Ghréig, an Chipir in 2026 an Laitvia, an Rómáin in 2027 Lucsamburg in 2028
Tábla J - Táirgeadh beostoic	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
J. OR Orgánach - J. CO atá á thiontú go horgánach			an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir in 2026 an Chróit, an Laitvia, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027
J.DL An líon básanna, lena n-áirítear maruithe éigeandála			an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 an Rómáin in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
J.TH Cineál tithíochta			an Bheilg, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Laitvia, an Rómáin in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
J. TO Am a caitheadh faoin aer			an Bheilg, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Laitvia, an Rómáin in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
Tábla K - Táirgí agus seirbhísí ainmhithe	X		Neamhbhainteach
Tábla L - GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm	X		Neamhbhainteach
Tábla M - Fóirdheontais	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
3770 - Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise			an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 (*)an Ghearmáin, Málta, an Rómáin in 2027
3780 - Comhar			an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 (*)an Ghearmáin, Málta, an Rómáin in 2027

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a thíolaic (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla MI - Comhtháthú margaidh	X		an tSeicia, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 an Bheilg, (*)an Ghearmáin, an Chróit, an Laitvia, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027 (*)an Fhrainc in 2028
Tábla DI – Nuálaíocht agus digitiú		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla OF - Sciar táscach d'ioncam lasmuigh den fheirm		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla FP1 - Cleachtais feirmeoireachta	X		an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, (*)an Ghearmáin, an Eastóin, an Chróit, an Laitvia, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla FP2 - Cleachtais feirmeoireachta		X	an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM1 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Stóráil aoiligh	X		an Bheilg, an Ghréig, an Chipir, an Laitvia, an tSualainn in 2026 an tSeicia, (*)an Ghearmáin, an Chróit, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM2 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Stóráil aoiligh	X		an Ghréig, an Chipir, an Laitvia, an tSualainn in 2026 an Bheilg, an tSeicia, (*)an Ghearmáin, an Eastóin, an Chróit, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM3 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Ionchur beatha		X	an Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028
Tábla ST - Tástáil ithreach (roghnach)	X		
Tábla BD1 – Bithéagsúlacht – Gnéithe tírdhreacha	X		an Ghréig, an Chipir in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027 an Fhrainc, Lucsamburg, Málta in 2028
Tábla BD2 - Bithéagsúlacht – Rialú bitheolaíoch agus bainistiú féarthalún		X	an Fhrainc, Lucsamburg, Málta in 2028
Tábla WT - Bainistíocht uisce		X	an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla I1 - Úsáid táirgí cosanta plandaí		X	an Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a thíolaic (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla J1 - Úsáid fhrithmhiocróbach		X	an Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028
Tábla CS - Scéimeanna deimhniúcháin don chomhshaol	X		an Bheilg, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027
Tábla EN - Fuinneamh		X	an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla FL - Caillteanas táirgeachta ar an bhfeirm le haghaidh úsáidí bia agus beatha		X	an Fhrainc, an Chróit, Lucsamburg, Málta in 2028
Tábla TR - Oiliúint		X	an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SA - Sábháilteacht	X		an Ghréig, an Chipir in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SI - Cuimsiú sóisialta	X		an Ghréig, an Chipir in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SE - Seirbhísí a bhfuil rochtain ag feirmeoirí orthu	X		an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, Málta, an Rómáin in 2027
Tábla GR - Athnuachan ó ghlúin go glúin	X		an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 (*)an Ghearmáin, an Rómáin, an tSlóvaic in 2027 an Fhrainc, Málta in 2028

(*) díolúine a deonaíodh le déanaí';

(5) in Iarscríbhinn X, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

	Bliain tuairiscithe 2025				Bliain tuairiscithe 2026				Bliain tuairiscithe 2027		
	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid
AN BHEILG	198 000	397 600	136 702	732 302	198 000	375 196	183 260	756 456	198 000	503 223	701 223
AN BHULGÁIR	396 360	352 436	501 697	1 250 493	360 360	352 830	457 933	1 171 123	360 360	915 865	1 276 225

	Bliain tuairiscithe 2025				Bliain tuairiscithe 2026				Bliain tuairiscithe 2027		
	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid
AN tSEICIA	230 760	386 620	185 874	803 254	230 760	373 715	213 581	818 056	230 760	586 483	817 243
AN DANMHAIRG	261 000	400 883	300 331	962 214	261 000	401 314	301 636	963 950	261 000	663 339	924 339
AN GHEARMÁIN	919 980	1 985 289	105 861	3 011 130	919 980	1 986 914	110 464	3 017 358	919 980	2 338 155	3 258 135
AN EASTÓIN	104 400	223 399	108 119	435 918	104 400	223 635	108 641	436 676	104 400	265 336	369 736
ÉIRE	162 000	368 882	205 053	735 935	162 000	369 293	205 864	737 157	162 000	411 728	573 728
AN GHRÉIG	533 880	1 013 146	61 433	1 608 459	533 880	706 768	678 435	1 919 083	533 880	1 356 871	1 890 751
AN SPÁINN	1 566 000	1 606 195	1 982 182	5 154 377	1 566 000	1 607 987	1 990 016	5 164 003	1 566 000	3 439 438	5 005 438
AN FHRAINC	1 368 000	2 553 255	472 244	4 393 499	1 368 000	2 555 402	479 088	4 402 490	1 368 000	485 932	1 853 932
AN CHRÓIT	225 180	372 981	181 379	779 540	225 180	373 339	182 506	781 025	225 180	546 390	771 570
AN IODÁIL	1 695 240	1 623 948	2 145 769	5 464 957	1 695 240	1 625 760	2 154 250	5 475 250	1 695 240	4 308 500	6 003 740
AN CHIPIR	90 000	265 654	10 356	366 010	90 000	214 111	114 369	418 480	90 000	228 738	318 738
AN LAITVIA	180 000	295 256	144 987	620 243	180 000	274 827	187 313	642 140	180 000	457 475	637 475
AN LIOTUÁIN	180 000	306 954	227 837	714 791	180 000	307 297	228 738	716 035	180 000	457 475	637 475
LUCSAMBURG	81 000	201 967	93 206	376 173	81 000	202 188	93 611	376 799	81 000	177 902	258 902
AN UNGÁIR	342 000	463 433	432 890	1 238 323	342 000	463 951	434 601	1 240 552	342 000	869 203	1 211 203
MÁLTA	96 480	251 602	11 102	359 184	96 480	251 821	11 586	359 887	96 480	45 373	141 853
AN ÍSILTÍR	270 000	702 640	341 756	1 314 396	270 000	703 424	343 106	1 316 530	270 000	686 213	956 213
AN OSTAIR	324 000	367 386	410 107	1 101 493	324 000	367 796	411 728	1 103 524	324 000	823 455	1 147 455
AN PHOLAINN	1 620 000	1 377 272	2 050 533	5 047 805	1 620 000	1 378 809	2 058 638	5 057 447	1 620 000	4 117 275	5 737 275
AN PHORTAINGÉ-IL	414 000	553 417	428 748	1 396 165	414 000	506 343	526 096	1 446 439	414 000	1 052 193	1 466 193

	Bliain tuairiscithe 2025				Bliain tuairiscithe 2026				Bliain tuairiscithe 2027		
	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airt-eagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid
AN RÓMÁIN	918 000	1 359 686	105 634	2 383 320	918 000	1 360 614	110 226	2 388 840	918 000	2 333 123	3 251 123
AN tSLÓIVÉIN	163 440	258 693	206 876	629 009	163 440	258 982	207 694	630 116	163 440	415 387	578 827
AN tSLÓVAIC	101 160	280 835	58 202	440 197	101 160	281 110	58 708	440 978	101 160	257 101	358 261
AN FHIONLAINN	117 000	275 514	148 094	540 608	117 000	275 822	148 679	541 501	117 000	297 359	414 359
AN tSUALAINN	184 500	377 326	84 921	646 747	184 500	303 358	234 456	722 314	184 500	468 912	653 412
Iomlán don AE	12 742 380	18 622 269	11 141 893	42 506 542	12 706 380	18 102 606	12 235 222	43 044 208	12 706 380	28 508 444	41 214 824
Cúlchiste le haghaidh réamhsheach-adtaí				2 493 458				1 955 792			